Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0090(BUD)**

**9916/26**
**ADD 1 REV 2**

**FIN 775**
**PE-L 17**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1 a ghabhann le buiséad ginearálta 2026: Barrachas ón mbliain airgeadais 2025 a iontráil<br>• *Ráiteas* |

**<u>Dréacht-Ráiteas ón gComhairle maidir lena seasamh i ndáil le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2026</u>**

Tugann <u>an Chomhairle</u> dá haire, maidir leis an gcur i láthair a thug an Coimisiún ar ríomh mhaoiniú an bhuiséid [de réir catagóir acmhainní dílse agus de réir Ballstáit], go bhfuil leibhéal an mhionsonraithe agus na trédhearcachta laghdaithe aige trí ríomh 'ranníocaíocht náisiúnta' a fhágáil ar lár.

Is ionann scor na faisnéise faoi na haistrithe reatha iomlána a íocann rialtas ginearálta gach Ballstáit le hinstitiúidí an Aontais Eorpaigh — figiúirí atá faoi réir coigeartuithe rialta mar gheall ar a mbunús i gcomhiomláin staidrimh — agus briseadh le caighdeáin tuairiscithe airgeadais an Aontais a bunaíodh ón mbliain airgeadais 2007 ar a laghad, agus baintear pointe tagartha caighdeánaithe do pháirtithe leasmhara freisin, rud a chuireann teorainn leis an bhféidearthacht anailís eolasach a dhéanamh ar ranníocaíochtaí a dhéantar le buiséad an Aontais.

Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún ríomh 'ranníocaíocht náisiúnta' a thabhairt isteach arís i ndréachtbhuiséid agus i ndréachtbhuiséid leasaitheacha a bheidh ann amach anseo.

Tá glacadh an tseasaimh sin maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2026 gan dochar don phlé reachtach a dhéanfar amach anseo nó atá ar siúl faoi láthair a bhféadfadh coincheap na 'ranníocaíochtaí náisiúnta' difear a dhéanamh dó.